


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Oifig an Leas-Uachtaráin um Straitéis agus Teagmháil Sheachtrach |
| **Scoil \| Aonad:** | Caidreamh Ollscoile - Cumarsáid Sheachtrach |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair***(más ábhartha)* | Cruthaitheoir Inneachair Ilmheán |
| **Fad an Phoist:** | Conradh sealadach 5 bliana ar théarma seasta |
| **Grád:** | Oifigeach Riaracháin I |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Cumarsáid agus Margaíocht – Leibhéal Gairme 4 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2024-09-035 |
| **Bainisteoir Líne** | Oifigeach Meán Sóisialta |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 017802 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Nicole Johnston |

## Achoimre ar an bPost:

Tá an tAonad um Chumarsáid Sheachtrach laistigh den Chaidreamh Ollscoile i gceannas ar chumarsáid straitéiseach agus chriticiúil chun an ollscoil agus a misean a chur chun cinn agus a chosaint. Cuireann sé tacaíocht ghairmiúil chumarsáide ar fáil don uachtarán, d’fhoireann bainistíochta na hollscoile, don fhoireann teagaisc agus do cheannairí sinsearacha eile an champais. Déanann sainfhoireann an Aonaid cumarsáid straitéiseach, trí na bealaí is éifeachtaí agus na formáidí agus na stíleanna a bhfuil an tionchar is mó acu, chun eolas a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha, chun teagmháil a dhéanamh leo agus chun iad a spreagadh chun tacú leis an ollscoil agus lena spriocanna straitéiseacha.

Áirítear lena chuid oibre caidreamh leis na meáin, scríbhneoireacht nuachta, scríbhneoireacht óráidí, eagarfhocal tuairimíochta, deiseanna saincheannaireachta, ábhar digiteach agus sóisialta, comhairle cumarsáide agus oiliúint agus for-rochtain ar gach príomhlucht spéise seachtrach.

Oibríonn sé ar fud na n-aonad campais chun straitéisí cumarsáide comhordaithe a chruthú agus chun feachtais chumarsáide uile-ollscoile a fhorbairt chun teacht ar lucht spéise seachtrach chun misean institiúideach na hollscoile a chur chun cinn agus chun béim a chur ar a sármhaitheas sa teagasc, sa taighde agus san eispéireas scoláirí.

Oibríonn sé freisin le Coláistí, Scoileanna agus Aonaid chun cumarsáid a éascú ar shaincheisteanna casta lena n-áirítear bainistíocht géarchéime agus tá sé i gceannas ar an bhfreagairt chumarsáide ar chásanna géarchéime agus éigeandála.

Sainról é ról an Chruthaitheora Inneachair Ilmheán a bhaineann go príomha le hábhair ar na meáin shóisialta a aimsiú, a chruthú agus a fhoilsiú chun cur le cáil na hollscoile agus chun an cháil sin a fheabhsú i measc lucht spéiseanna spriocdhírithe agus grúpaí páirtithe leasmhara.

Oibreoidh siad chun lucht spéise ar líne na hollscoile a mhéadú trí mheascán d’ábhar meán sóisialta a aithint agus a chruthú atá cruthaitheach, cliste, spraíúil, intuigthe agus tarraingteach.

Beidh sealbhóir an phoist freagrach go díreach d’Oifigeach Meán Sóisialta na hollscoile agus beidh siad mar chuid d’fhoireann bheag eagarthóireachta laistigh den oifig ina mbíonn Oifigeach Ábhar/Meán, Oifigeach Meán Sóisialta agus Iriseoir Digiteach.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**

- Ábhar físe gearrfhoirme / ríleanna físe ábhartha, bunaidh agus ardchaighdeáin a shainaithint agus a chruthú chun lucht spéise agus rannpháirtíocht na hollscoile a mhéadú ar fud TikTok, Instagram, Ríleanna Facebook agus ardáin meán sóisialta eile atá ag teacht chun cinn.
- Cabhrú le hábhar físeáin a bhainistiú agus a bharrfheabhsú thar gach ardán meán sóisialta.
- Cur le líon na leantóirí agus freastal agus rannpháirtíocht lucht spéise thar gach cainéal meán sóisialta.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe laethúla na foirne um ábhar eagarthóireachta, i gcruinnithe tobsmaointeoireachta seachtainiúla agus i ngníomhaíochtaí smaoinimh ábhair chun meascán éifeachtach d'ábhar meán sóisialta a chinntiú a sheachadann príomhtheachtaireachtaí agus a dhéanann teagmháil le príomhlucht spéise thar spriocghrúpaí páirtithe leasmhara.
- Smaointe ábhar nua a chur in iúl go soiléir ag baint úsáid as modhanna agus foirmeacha nuálacha léirithe ilmheán chun smaointeoireacht agus modhanna reatha fhoireann na meán sóisialta a cheistiú chun an eagraíocht a choinneáil ábhartha ar ardáin reatha agus ar ardáin a thiocfaidh chun cinn amach anseo.
- Cuir chuige agus rath nua a sheachadadh maidir le cruthú agus aschur fhoireann na meán sóisialta chun a n-ardáin a bheith mar eiseamláirí don earnáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Coinneáil suas chun dáta le príomhfhorbairtí agus athruithe i saol na meán sóisialta agus i gcruthú agus foilsiú ábhair dhigitigh ar fud foirmeacha agus cainéil reatha agus iad siúd a thiocfaidh chun cinn amach anseo.
- Cruth cruthaitheach eile a chur ar ábhar reatha d'ardáin éagsúla meán sóisialta.
- Tús a chur le tionscadail agus feachtais TikTok, Instagram agus Ríleanna Facebook agus iad a chruthú agus a threorú.
- Oibriú go dlúth leis an Oifigeach Ábhar/Meán agus leis an Iriseoir Digiteach chun foireann ardfheidhmíochta agus cultúr sármhaitheasa a chinntiú.
- Aon dualgais ábhartha eile a shainaithníonn an tOifigeach Meán Sóisialta.

**Sainiúil don phost seo:**

- Beidh sé riachtanach oibriú lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

**95 Oifigeach Riaracháin I_2010 (0172_X) Scála Tuarastail: €51,267 - € 69,396 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais. Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó chách, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad le haon cheann de na tréithe cosanta a leagtar síos inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/
Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creatlach Cnuasach Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post na Cumarsáide agus na Margaíochta agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 4. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha a ndéantar cur síos orthu sa Chreat Grúpaí Post le fáil ag
https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 4-5 bliana de thaithí ghairmiúil ar a bheith ag obair i ról a bhaineann le cumarsáid agus margaíocht in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal.
- Cáilíocht tríú leibhéal sa Chumarsáid, Caidreamh Poiblí, Margaíocht Dhigiteach, Léiriú Ilmheán nó disciplín ábhartha eile.
- Paisean inléirithe don scéalaíocht dhigiteach.
- Taithí ar ábhar ardfheidhmíochta a tharraingíonn aird agus rannpháirtíocht lucht spéise a chruthú d'eagraíocht/branda nó a gcainéal (cainéil) féin.
- An cumas smaointe casta a léirmhíniú, a aistriú agus a chur in iúl trí ábhar físe/ilmheán.
- A bheith cuimsitheach agus báúil – smaoiníonn tú ar dhaoine ó chúlraí agus cultúir éagsúla agus ar conas a d'amharcfaidís ar ábhar agus teachtaireachtaí.
- An cumas fanacht socair agus iad faoi bhrú agus oibriú de réir spriocdhátaí deacra.
- Taithí chruthaithe ar chur le haschur foirne bige cruthaithí.
- Taithí inléirithe ar úsáid a bhaint as ardáin meán sóisialta lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do) TikTok, Instagram, Ríleanna Facebook, Facebook, Twitter, YouTube agus Blaganna.
- Taithí inléirithe ar ábhar físe gearrfhoirme a aimsiú, a chruthú agus a fhoilsiú ar ardáin meán sóisialta chun lucht féachana mór a mhealladh.
- Suim i ngníomhaíochtaí fhoireann teagaisc na hollscoile agus na scoláirí agus tuiscint ar an méid a chuireann siad le pobal na hollscoile agus leis an tsochaí i gcoitinne.
- Ardleibhéal eolais agus tuisceana ar thírdhreach na meán digiteach, go háirithe TikTok agus Instagram agus Ríleanna Facebook.
- Inniúlacht in úsáid a bhaint as sraith clár Adobe Creative Cloud (nó a chomhionann), go háirithe Photoshop, Premiere Pro, chun ábhar digiteach a chruthú.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Cumarsáid:** Eolas gairmiúil agus taithí ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais chumarsáide chun spriocphobail a aithint agus dul i gcion orthu trí mheáin scríofa, meáin labhartha agus meáin amhairc thar bhealaí atá faoinár n-úinéireacht go príomha.
- **Caidreamh Seachtrach agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara:** Eolas gairmiúil agus taithí ar chaidreamh seachtrach, gnóthaí poiblí agus na coincheapa, prionsabail agus cleachtais a bhaineann le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.
- **Margaíocht:** Eolas gairmiúil agus taithí ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais mhargaíochta chun dul i gcion ar sprioclucht spéise agus tionchar a imirt orthu.

- **Eolais faoin Táirge:** Tuiscint ar an Ollscoil agus/nó taighde agus nuálaíocht, scoláireacht agus tionchar na foirne teagaisc.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Cumarsáid Éifeachtach:** Scileanna agus taithí chumarsáide den scoth ó bhéal agus i scríbhinn . An cumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, in ann eolas agus smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas.

- **Pleanáil agus Eagrú:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama shoiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.

- **Feasacht Eagraíochta:** An cumas tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.

- **Caidreamh a Fhorbairt:** An cumas caidreamh oibre éifeachtach a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus rannpháirtíocht a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.

- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar an gclár um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú

Inmhianaithe:

- Cáilíocht iarchéime i ndisciplín ábhartha.
- Taithí ar éilimh cliant iolrach a shásamh.
- A bheith compordach idirchaidreamh a dhéanamh le daoine atá ag meánleibhéal sinsearach in eagraíocht.
- A bheith compordach lena gcuid cúraimí, spriocanna inghnóthaithe agus spriocdhátaí féin a shocrú gan aon mhaoirseacht dhíreach.
- Cur chuige an-chruthaitheach agus an-teagmhálach i leith na hoibre.
- Taithí ar Adobe After Effects a úsáid.
- Taithí ar chlosléiriú.
- Inniúlacht i bhfísghrafadóireacht agus grianghrafadóireacht.

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | https://www.ucd.ie/universityrelations/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Mr Andrew Fogarty |
| Teideal: | Oifigeach Meán Sóisialta |
| Seoladh r-phoist: | andrew.fogarty@ucd.ie |